

Lánchosc: 23 Eanáir 1.00r.n.

**Ráiteas eisithe ag Anna Ní Ghallachair, Cathaoirleach agus
Steve Ó Cúláin, Príomhfheidhmeannach, Údarás na Gaeltachta**

- **559 post nua cruthaithe in 2016**
- **Spriocanna suntasacha sáraithe i dtaca le díolacháin, easpórtáil agus caiteachas in Éirinn**
 - **Os cionn €900m de dhíolachán le dhá bhliain as a chéile**
 - **Os cionn €420m de chaiteachas díreach in Éirinn**
- **36 gnó nua tosaithe le 100 duine fostaithe iontu in 2016**
- **7,963 post i gcliantchomhlachtaí ag deireadh na bliana**
- **Tograí nua ceadaithe ina gcruthófar os cionn 533 post, le hinfheistíocht €38m**
- **Fógra oifigiúil déanta i leith 23 as 26 Limistéar Pleanála Teanga**
- **22 Ceanneagraíocht ag réiteach pleananna teanga dá Limistéar Pleanála Teanga**
- **Comhlachtaí Gaeltachta aireach ar impleachtaí féideartha na Breatimeachta**
- **Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh Conamara (infheistíocht €4.9m) tógtha**

Súil Siar ar 2016

Cruthaíodh 559 post nua lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta in 2016. Bhí 7,963 post i gcomhlachtaí a fuair tacaíocht ón Údarás ag deireadh na bliana, 7,348 post lánaimseartha agus 615 post páirtaimseartha. Nuair a thógtar líon na bpost lánaimseartha a cailleadh san áireamh, bhí glanmhéadú 80 post i gceist ar an mbliain roimhe sin.

Tá sprioc shuntasach eacnamaíoch sáraithe ag cliantchomhlachtaí an Údaráis agus díolachán iomlán os cionn €900m agus caiteachas díreach i ngeilleagar na hÉireann os cionn €420m bainte amach acu le dhá bhliain i ndiaidh a chéile.

Fostaíocht sa Ghaeltacht

Is i nGaeltachtaí na Gaillimhe agus Chorcaí is mó a chonacthas an glanmhéadú post in 2016. Ábhar dóchais é go bhfuil an bonn fostaíochta i gcomhlachtaí Gaeltachta anois ag leibhéal seasmhach agus ag an leibhéal is airde le 7 mbliana.

Tá sé á léiriú le blianta beaga anuas go bhfuil comhlachtaí Gaeltachta níos iomaíche agus go bhfuil céatadán níos airde díobh dírithe ar easpórtáil. Léiríonn na figiúirí na bliana seo gur sna hearnálacha Bia & Dí, Seirbhísí agus Déantúis Feistí Leighis is mó a léirigh glanmhéadú ar leibhéil fostaíochta cé nár sheachain na hearnálacha seo laghdúithe i bhfostaíocht ach oiread. Bhí leibhéal seasmhach fostaíochta san earnáil déantúsaíochta traidisiúnta áit ar cheallaigh laghdúithe suntasacha mórchuid na bpost a cruthaíodh sna hearnálacha sin.

Thosaigh 36 gnó as an nua sa Ghaeltacht le linn na bliana agus bhí os cionn 100 duine fostaíthe sna gnóthaí sin ag deireadh na bliana. Bhí ardú fostaíochta in os cionn 25% de chliantchomhlachtaí an Údaráis i rith 2016. De réir taighde ABSEI¹ a rinneadh in 2016, tá leibhéal brabúis na gcliantchomhlachtaí ag fás go seasta ó 2008 le fás 14.2% measta in 2015 ar an mbliain roimhe. Lena chois sin rinne an tÚdarás infheistíochtaí chaipitil straitéiseach in áiseanna infreastruchtúir i rith na bliana a thacóidh le fostóirí móra reatha tabhairt faoi fhorbairtí suntasacha nua agus a chabhróidh le tograí nua a mhealladh amach anseo.

Dúirt Príomhfheidhmeannach Údaras na Gaeltachta, Steve Ó Cúláin, “Tá torthaí fiúntacha le feiceáil ar ár n-iarrachtaí le blianta beaga anuas agus muid ag sárú ár spriocanna fostaíochta os cionn 500 post nua a chruthú sa Ghaeltacht go bliantúil. Léiríonn rathúlacht an Údaráis an méid gur féidir a bhaint amach trí fheidhmiú polasaithe fostaíochta agus forbartha tuaithe ach na hacmhainní cuí a bheith ar fáil lena n-aghaidh.”

Dúirt an Príomhfheidhmeannach gur ábhar dóchais an fás atá ag teacht ar mhargaí na gcliantchomhlachtaí “Tá ag éirí lenár straitéisí ardú i leibhéil easpórtála a bhaint amach dár gcliantchomhlachtaí le beagnach 70% den díolachán á easpórtáil anois. Caitheann cliantchomhlachtaí an Údaráis os cionn €425 milliún go díreach i ngeilleagar na hÉireann rud atá fíorshuntasach. Fáiltíonn muid i gcónaí roimh ghnóthaí nua, mór agus beag araon. Tá infheistíochtaí chaipitil shuntasach déanta againn arís i mbliana chun tacú le mórfhostóirí a bhfréamhacha a chur níos doimhne i bpobal na Gaeltachta agus a chuirfidh spásanna d’ardchaighdeán gnó ar fáil do chomhlachtaí nua. Cuirfidh a léithéid le bonn fiontraíochta láidir sna ceantair tuaithe Gaeltachta.”

Dúirt an tAire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta, Seán Kyne TD “Fáiltím roimh dea-fhigiúirí fostaíochta an Údaráis arís i mbliana agus is léiriú dearfach é ar an mian atá ag an Rialtas dlús a chur le forbairt agus fostaíocht sna réigiúin agus i gceantair tuaithe. Beidh ról lárnach ag Údarás na Gaeltachta i bhfeidhmiú an Phlean Gnímh do Cheantair Tuaithe na hÉireann. Tógáil croí é a fheiceáil go bhfuil leibhéal fostaíochta seasmhach sna Gaeltachtaí agus go bhfuil borradh faoi ghnóthaí nua go fóill le 36

¹ Bunaithe ar na figiúirí as an ABSEI (Tuarascáil um Shuirbhé Bliantúil Gnó ar Thionchar Eacnamaíoch) bhliantúil is déanaí. Rinne an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta an suirbhé ABSEI in 2016 ar gach gníomhaireacht forbartha.

comhlacht nua a dhul i mbun gnó i 2016 agus 100 post cruthaithe iontu roimh dheireadh na bliana. Le comhoibriú ó mo Roinn, bheifí ag súil go bhféadfaí cur leis an dea-obair seo sna blianta amach romhainn i gcomhthéacs chur i bhfeidhm na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030. Is cúis áthais ar leith dom gur cruthaíodh 559 post nua lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta in 2016 agus go raibh 7,963 post i gcomhlachtaí a fuair tacaíocht ón Údarás ag deireadh na bliana. Is é sin 7,348 post lánaimseartha agus 615 post páirtaimseartha.”

Fás suntasach tagtha ar thionchar eacnamaíoch chliantchomhlachtaí an Údaráis

Tá tionchar suntasach ag comhlachtaí Gaeltachta ar gheilleagar na Gaeltachta agus na tíre. Déanann cliantchomhlachtaí an Údaráis €427 milliún de chaiteachas díreach i ngeilleagar na tíre seo ar phárolla, ar sheirbhísí agus ar cheannach ábhar. D’íoc na cliantchomhlachtaí párolla €180 milliún, le €41,000 mar mheánphá an fhostaí sna comhlachtaí a bhfuil deichniúr nó níos mó fostaithe iontu in 2016.

Tagann na figiúirí seo ó thaighde ABSEI a rinneadh in 2016 a léirigh go raibh díolachán iomlán €926 milliún ag cliantchomhlachtaí an Údaráis an bhliain roimhe. Tháinig fás 10.6% ar easpórtáil go €628 milliún, sin cóimheas 68% idir easpórtáil agus díolachán. Tá sé suntasach i gcomhthéacs na Breatimeachta go bhfuil beagnach aon cheathrú (24.5%) d’easportáil chliantchomhlachtaí an Údaráis, ar luach €154milliún, ag dul chuig an Ríocht Aontaithe.

Os cionn 530 post nua ceadaithe don Ghaeltacht in 2016

Anuraidh, cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta líon tograí nua ina gcruthófaí 533 post agus ina ndéanfaí infheistíocht iomlán mheasta €38 milliún de réir mar a dhéantar forbairt orthu sna cúpla bliain amach romhainn. Is do thograí i gContaetha na Gaillimhe agus Dhún na nGall is mó a ceadaíodh poist i rith 2016 le ceadanna suntasacha i gContaetha Chiarraí agus Chorcaí chomh maith. Is comhlachtaí sna hearnálacha feistí leighis, bia, seirbhísí agus saindéantúsaíochta fós atá ag dul i mbun fáis agus forbartha.

Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh, Conamara tógtha (infheistíocht €4.9m)

Cúis bhróid d’Údarás na Gaeltachta an ról ceannaireachta a bhí aige i gcur chun cinn agus i bhforbairt an togra seo ón gcéad lá i gcomhar le pobal Ros Muc agus pobal Chonamara. Is ionad turasóireachta d’ardchaighdeán é Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh atá ar cheann d’ocht mórthionscadal a forbraíodh mar chuid de Chlár Comórtha Céad Bliain 1916. Tá ríméad ar an Údarás go raibh sé d’acmhainn aige ról lárnach a bheith aige sa chomóradh stairiúil sin i gcomhar leis An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, le hOifig na nOibreacha Poiblí, le Fáilte Éireann agus le Comhairle Chontae na Gaillimhe. Is seoid luachmhar é an tIonad seo a dhéanann ceiliúradh ar an

nGaeilge, ar shaibhreas cultúrtha na Gaeltachta, ar oidhreacht an cheantair agus ar áilleacht thírdhreach Chonamara. Cuirfidh an tIonad agus na háiseanna a forbraíodh mar chuid de le Teach an Phiarsaigh mar shéadchomhartha náisiúnta agus beidh sé mar cheann scríbe tarraingteach le turasóirí a mhealladh chuig ceantar Ros Muc agus chuig Gaeltacht Chonamara ar feadh na mblianta fada amach romhainn. Rinneadh infheistíocht iomlán €4.9m – infheistíocht chaipitil €1m ón Údarás. D’oscail an Taoiseach Éanna Ó Cionnaith an tIonad go hoifigiúil ar lá breithe Mhic Phiarais ar 10 Samhain 2016.

Scéimeanna Sóisialta Fostaíochta

Tá ról agus tionchar tábhachtach ag na scéimeanna fostaíochta sóisialta (Scéim Fostaíochta Pobail, Scéim Sóisialta Tuaithe & Scéim TÚS), atá á mbainistiú ag an Údarás, ag cur taithí oibre agus oiliúint ar fáil do phobal na Gaeltachta. Bhí titim bheag i líon na rannpháirtithe anuraidh le 976 rannpháirtí agus 51 saoi fostaíochta ar 47 scéim ar fud na Gaeltachta.² Thosaigh 330 rannpháirtí nua ar na scéimeanna in 2016 agus chríochnaigh 370 rannpháirtí a dtréimhsí ar scéimeanna.

Breathimeacht agus Polasaithe SAM

Leanfaidh Údarás na Gaeltachta lena gcomhoibriú le gníomhaireachtaí stáit eile i gcur chuige comhordaithe maidir le gnóthaí idirnáisiúnta in 2017. Déanfar measúnú ar agus réiteach do thionchar na Breathimeachta agus aon athrú i bpolasaithe idirnáisiúnta. De ghnáth, is é margadh na Ríochta Aontaithe an chéad chéim easpórtála d’aon chomhlacht a bheidh ag dul i mbun easpórtála den chéad uair. Faoi láthair, tá beagnach 25% de dhíolacháin easpórtála ár gcliantchomhlachtaí ar luach €154 milliún á dhéanamh sa Ríocht Aontaithe agus 38% ar luach €241m á dhéanamh i Meiriceá Thuaidh. Is i réimse na déantúsaíochta nua-aimseartha atá tromlach díolacháin easpórtála (87%) na gcliantchomhlachtaí go Meiriceá Thuaidh. D’fhéadfadh tionchar mór a bheith ag an mBreathimeacht ar chostais bunábhar na gcliantchomhlachtaí agus tá beagnach 60% (€224m) de bhunábhar na gcliantchomhlachtaí á iompórtáil.

Tá na cliantchomhlachtaí a dhéanann easpórtáil chuig an Ríocht Aontaithe ag brath go mór ar an margadh sin agus cruthóidh aon neamhchinnteacht deacrachtaí do chúrsaí trádála. Tá €115 milliún de dhíolacháin easpórtála na gcliantchomhlachtaí chuig an Ríocht Aontaithe ag teacht ón réigiún BMW (Gaillimh, Maigh Eo, Dún na nGall) agus €39 milliún ag teacht ó réigiún an Deiscirt agus an Oirthir (Ciarraí, Corcaigh, Port Láirge, An Mhí).

² Déanann Údarás na Gaeltachta bainistiú agus riaradh ar *An Scéim Fostaíochta Pobail, An Scéim Shóisialta Tuaithe, Tús agus Tús Nua*, atá maoinithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Tá sé níos tábhachtaí ná riamh infheistíocht straitéiseach agus chúí a bheith á déanamh in infreastruchtúr Gaeltachta chomh maith le hinfreastruchtúr an Údaráis chun gur féidir an leas is mó don Ghaeltacht a bhaint as deiseanna gnó féideartha a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar na hathraithe geopholaitiúil, go háirithe iad siúd a bhaineann le hInfheistíocht Dhíreach Sheachtrach.

Gníomhaíochtaí Pleanála Teanga

Ag tús 2016 bhí 18 gcinn de na Limistéir Pleanála Teanga (LPT) Gaeltachta i mbun an phróisis pleanála teanga agus Ceanneagraíochtaí ag staideanna éagsúla in ullmhú pleananna teanga. Rinneadh fógra i leith cúig LPT eile le linn 2016, ceithre cinn i mí Iúil agus ceann i mí na Samhna. Cuireadh dréacht de phlean teanga i gcás LPT Ghaoth Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Iúir agus LPT Chois Fharraige faoi bhráid an Údaráis ag deireadh 2016.

I dtreo dheireadh 2015 foilsíodh liosta de 16 bhaile a d'fhéadfadh aitheantas a bhaint amach mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta ach plean teanga a bheith aontaithe do na bailte sin. Tugadh tús áite do trí bhaile, Leitir Ceanainn, Cathair na Gaillimhe agus Daingean Uí Chúis. Tar éis próiseas comhairliúcháin poiblí rinneadh fógra oifigiúil i leith na pleanála teanga sna bailte seo i rith 2016 agus go luath in 2017. Tá ceanneagraíocht roghnaithe chun tabhairt faoin dúshlán i nDaingean Uí Chúis agus iarratais lorgtha ó eagraíochtaí i Leitir Ceanainn agus Cathair na Gaillimhe ar spéis leo a bheith roghnaithe mar Cheanneagraíocht le plean teanga a ullmhú. Oibríonn an tÚdarás go dlúth le Foras na Gaeilge i bhfeidhmiú an phróisis pleanála teanga i gcás na mBailte Seirbhíse Gaeltachta.

Tá tacaíocht leanúnach á cur ar fáil ag Údarás na Gaeltachta do na Ceanneagraíochtaí atá ag réiteach pleananna teanga sna LPT ar fud na Gaeltachta trí cheardlanna náisiúnta agus réigiúnacha a eagrú chomh maith le fóram ar líne a fhorbairt agus a chruthú chun rannpháirtithe sa phróiseas a chur i dteagmháil lena chéile.

Dúirt Cathaoirleach an Údaráis, Anna Ní Ghallachair, “Beidh gach Limistéar Pleanála Teanga chomh maith le trí Bhaile Seirbhíse Gaeltachta sa Ghaeltacht ag tabhairt faoi phleanáil teanga ag leibhéal an phobail roimh lár na bliana 2017. Feicfear toradh dhúthracht na bpobal sin sa bhliain seo amach romhainn le foilsiú cuid mhaith pleananna teanga ó cheantair éagsúla. Cuireann Údarás na Gaeltachta fáilte chroíúil roimh an bPolasaí Oideachais Gaeltachta, a bheidh mar ghné ríthábhachtach den phleanáil teanga nuair a fheidhmítear é. Bheadh drochthionchar ag aon mhoill i bhfeidhmiú an Pholasaí Oideachais Gaeltachta ar an bpróiseas pleanála teanga ina iomláine.”

Lena chois sin, dúirt sí, “Tá dúshláin shuntasacha sáraithe ag cliantchomhlachtaí an Údaráis agus ag an Údarás féin le ceithre bliana anuas ó ghlac mé an ról mar Chathaoirleach ar an mBord. Tógáil croí don Bhord go bhfuil borradh ag teacht faoi chúrsaí fostaíochta i gceantair éagsúla Ghaeltachta arís agus cé go bhfuil obair chrua le déanamh fós, creidim gur féidir leanúint leis an dul chun cinn suntasach atá á dhéanamh, a fhágann a lorg ar chuile ghné do shaol na Gaeltachta, chomh fada agus go bhfaigheann an tÚdarás na hacmhainní cuí chun leanúint lena chuid oibre.”

Fócas do 2017

Tiocfaidh deiridh le Plean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2014–2017 i mbliana. Tá dúshláin shuntasacha sáraithe ag cliantchomhlachtaí an Údaráis le dornán de bhlianta rud a fhágann go bhfuil seasmhacht áirithe léirithe ag na figiúirí fostaíochta i saolré na straitéise seo. Cé go gcaithfear leathshúil ghéar a choinneáil ar imeachtaí idirnáisiúnta a mbeadh tionchar acu ar fhás tuartha na tíre, tá deis ann anois tógáil ar an téarnamh atá déanta sa Ghaeltachta. Is sa chomhthéacs seo a thabharfar faoi fhorbairt plean straitéiseach nua a bhreathnóidh i dtreo 2020.

Don bhliain amach romhainn, caithfear díriú ar infheistíocht a mhealladh i réimse na nuálaíochta. Aithnítear go mbíonn na comhlachtaí seo ag iarraidh lonnú in áiteanna ina bhfuil fórsa saothair ardoilte agus ardsciliúil, ina mbeidh rochtain éasca acu ar mhargaí, ina bhfuil soláthar maith seirbhísí tacaíochta, iompar san áireamh, agus ina bhfuil bonneagar teileachumarsáide agus fisiciúil d'ardchaighdeán. Creideann an tÚdarás go bhfuil deiseanna suntasacha anseo do na ceantair Ghaeltachta ar fad ach na hacmhainní cuí a bheith ar fáil. Leanfaidh an tÚdarás in 2017 lenár gclár infheistíochta i mbunchloch na n-infreastruchtúr fiontraíochta trí 4 aonad nuálaíochta sna réigiúin [Dún na nGall, Maigh Eo, Gaillimh & Ciarraí] mar atá leagtha amach mar sprioc sa Plean Gníomhaíochta do Phoist Náisiúnta. Leanfaidh an tÚdarás lena thiomantas d'fhuinneamh in-athnuaite agus le feidhmiú a straitéise éifeachtúlachta fuinnimh.

Díreofar in 2017 ar chláir agus tionscadail taighde chun an nuálaíocht agus an fhiontraíocht a chothú mar chodanna dílse den chlár forbartha. Mar bhunphrionsabail, tá sé tábhachtach go mbeadh comhlachtaí nua, nó sean-bhunaithe, beag nó mór ag tabhairt faoi chláir taighde & forbartha, le seasmhacht agus inmharthanacht a ngnó a chinntiú. Ag éirí as sin, beidh an tÚdarás ag tacú le cláir agus tionscnaimh nuálacha.

Ionas gur féidir leis an eagraíocht tacú lenár gcliantchomhlachtaí déileáil le hiarmhairtí na Breatimeachta, beidh an tÚdarás ag leanúint le comhairliúchán sonrach le agus tacaíocht do na comhlachtaí atá ag feidhmiú nó atá ag iarraidh a bheith ag feidhmiú sa Ríocht Aontaithe. Tá sé mar sprioc ag Údarás na Gaeltachta féin méadú suntasach a chuir ar líon na gcomhlachtaí beaga dúchasacha a thacaíonn sé leo trí sholáthar spáis agus trí sheimineáir phroifisiúnta a sholáthar do fhiontraithe/phríomhaithe dóchúil, ag cinntiú go bhfuil na háiseanna agus na tacaíochtaí airgeadais nó seirbhísí ar fáil dóibh chun a gcuid pleananna gnó a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Tá forbairt acmhainní nádúrtha agus fiontair atá bunaithe ar acmhainní nádúrtha lárnach i straitéis na heagraíochta. Tosófar ar an obair phleanála do Pháirc Nuálaíochta Mara i gCill Chiaráin i gConamara i rith 2017 a mbeidh gníomhaíochtaí taighde agus tráchtála ann araon.

Pleanáil Teanga

Táimid anois tagtha chuig tréimhse chriticiúil ó thaobh an phróisis pleanála teanga sa Ghaeltacht. Tá dréacht de dhá phlean teanga ó dhá Limistéar Pleanála Teanga (LPT *Ghaath Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Iúir* agus LPT *Chois Fharraige*) curtha faoi bhráid an Údaráis agus táimid ag súil leo sin a chur faoi bhráid an Aire sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (An Roinn) le faomhadh sna seachtainí amach romhainn. Ba mhaith linn tréaslú leis an dá Ceanneagraíocht as ucht an obair chasta seo a thógáil orthu féin agus a stiúradh chuig an chéim thábhachtach seo. Aithnítear an dua, an t-am agus tiomantas baill na gCeanneagraíochtaí agus a gcuid fochoistí leis na pleananna a réiteach.

Tá sé beartaithe go mbeidh 11 plean teanga eile réitithe agus curtha faoi bhráid na Roinne roimh dheireadh na bliana seo. Beidh fógra á dhéanamh i leith na trí LPT eile atá fágtha i nGaeltacht na Gaillimhe sna cúpla mí amach romhainn.

Tá moladh mór, as a dtiomantas agus a ndúthracht, ag dul do phobal na Gaeltachta atá ag feidhmiú ar bhonn deonach le todhchaí don Ghaeilge a chinntiú. Beifear ag oibriú leis An Roinn sa bhliain amach romhainn chun buiséad don obair thábhachtach seo a aontú.

ATHBHREITHNIÚ DE RÉIR CEANTAR GAELTACHTA

Gaeltacht Dhún na nGall

Cruthaíodh 135 post nua i nGaeltacht Dhún na nGall in 2016. Nuair a chuirtear an líon post a cailleadh san áireamh bhí glanmhéadú de 23 post i gceist, rud a chiallaigh go raibh 2,090 post i gcliantchomhlachtaí an Údaráis ag deireadh na bliana, an líon is airde post ó 2010. Cruthaíodh poist nua i gcomhlachtaí ar fud Ghaeltacht Dhún na nGall ina measc Arán Ard Teo, Ard an Rátha; Radox Teo agus Ostre'an Teo., An Clochán Liath; Kombucha Éireannach Teo., Sláinteachas & Lónadóireacht Dhún na nGall agus Meastóirí Domhanda Teo., ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair; agus Cora Tine Teo., An Fál Carrach. Mar is léir anseo is in earnálacha an bhia agus dí, feistí leighis agus na mara is mó a bhí fás in 2016 agus is sna hearnálacha seirbhísí, teicstíle agus déantúsaíochta den chuid is mó a chonacthas titim.

Tograí Nua

Cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta líon tograí nua do Ghaeltacht Thír Chonaill anuraidh a mbeidh 198 post nua á gcruthú iontu agus infheistíocht iomlán os cionn €6.23 milliún beartaithe nuair a bheidh na tograí sin faoi lán seoil. Is sna réimsí bia, mara agus seirbhísí atá formhór na gceadanna ina gcruthófar poist. Lena chois sin ceadaíodh infheistíocht chaipitil €4.3 milliún i rith na bliana ar oibreacha éagsúla ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair a dhéanfaidh leanúint le clár athfhorbartha agus uasghrádaithe maoinne, áiseanna stórais agus lóistíochta riachtanacha a fhorbairt, oibreacha riachtanacha sláinte agus sábháilteachta ar fhoirgnimh agus ar an bPáirc Ghnó féin a chur i gcrích. Cuireadh tús le 16 ghnó nua i nGaeltacht Dhún na nGall le tacaíocht an Údaráis in 2016 agus bhí os cionn tríocha duine fostaithe sna gnóthaí sin faoi dheireadh na bliana, ina measc Plaisteach Bhaile na Finne Teo. i mBaile na Finne, Bia Beo Natasha Teo. agus Kombucha Éireannach Teo. ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair agus Drioghlann Shliabh Liag ar cheadaigh an Bord Pleanála iarratas pleanála dóibh do dhrioghlann nua le gairid chomh maith.

Plean Gníomhaíochta an Fhóraitm Forbartha Fiontraíochta

D'fhógair an tÚdarás an plean gníomhaíochta, *Ag Forbairt na Fiontraíochta ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair*, in 2015 atá dírithe ar bhorradh a chur faoi chúrsaí fostaíochta agus fiontraíochta in Iarthuaisceart Dhún na nGall. Thug an tÚdarás le fios go bhfuil sé mar sprioc aige tacú le 300 post nua a chruthú agus infheistíocht €4.7 milliún a dhéanamh ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair thar thréimhse trí bliana (2015–2017).

Le dhá bhliain go leith anuas tá fócas faoi leith dírithe ag an Údarás ar an gceantar sin agus dá thoradh:

- Tá infheistíocht €3.2 milliún déanta i gcaiteachas caipitil ar spás agus ar fhoirgnimh ar an bPáirc Ghnó.
- Áislann Ghaoth Dobhair - Tá 8 gcinn d'oifigí agus aonaid fiontraíochta nua d'ardchaighdeán forbartha san Áislann. Tá caiteachas suntasach déanta ag an Údarás ar an bhfoirgneamh agus tá tuilleadh forbairtí beartaithe. Beidh aonad digiteach á fhorbairt ann go luath dírithe ar thograí beaga teicneolaíochta. Rinneadh uasghrádú suntasach ar an infreastruchtúr leathanbhanda san fhoirgneamh le gairid. Ciallaíonn sé seo go bhfuil an chéad urlár forbartha ina iomláine tar éis an Clár Caiteachais Caipitil a bheith curtha i gcrích.
- Tugadh cead agus cuireadh maoiniú ar fáil chun post do Bhainisteoir ar Áislann Ghaoth Dobhair a líonadh. Fógraíodh an post ag deireadh 2016 agus beidh an duine a cheapfar i mbun oibre go luath in 2017.
- Ceadáíodh 188 post lánaimseartha ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair in 2016. Tá 52 acu siúd cruthaithe agus ag feidhmiú anois ar an Pháirc Ghnó.

Clár Leader

Tá Clár LEADER i gContae Dhún na nGall tosaithe anois agus is ábhar dóchais é go mbeidh soláthar €3 milliún á chur ar fáil faoin gclár seo do Ghaeltacht Dhún na nGall, na hoileáin san áireamh. Is iad Údarás na Gaeltachta agus Comhar na nOileán Teo (ar na hoileáin) a bheidh ag seachadadh an Chláir sa Ghaeltacht ar feadh cúig bliana amach romhainn.

Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Bhí 316 duine fostaithe ar scéimeanna fostaíochta sóisialta i nGaeltacht Dhún na nGall ag deireadh na bliana, scéimeanna atá á mbainistiú agus á riaradh ag an Údarás agus atá á maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Pleanáil Teanga

Le linn 2016 bhí sé Cheanneagraíocht ag staideanna éagsúla in ullmhú pleananna teanga dá Limistéir Pleanála Teanga (LPT) i gceantar Gaeltachta Thír Chonaill. Rinneadh fógra i leith LPT *Na Rosann* agus LPT *na Gaeltachta Láir* le linn na bliana. Roghnaíodh Forbairt na Rosann Teo., An Machaire le Chéile

Teo. agus CDP Na Rosann Teo. mar Cheanneagraíocht amháin le tabhairt faoi phlean teanga a ullmhú do LPT *Na Rosann*. Tá iarratais á lorg ó eagraíochtaí/grúpaí pobail a bheadh sásta plean teanga a ullmhú do LPT *na Gaeltachta Láir* faoi láthair. Ciallaíonn sé sin go bhfuil tús curtha leis an bpróiseas pleanála teanga i ngach LPT i gceantar Gaeltachta Tír Chonaill anois.

Leanadh ar aghaidh leis an obair atá idir lámha in ullmhú pleananna teanga sna LPT eile agus cuireadh dréacht de phlean teanga i gcás LPT *Ghaoth Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Iúir* faoi bhráid an Údaráis ag deireadh 2016. Beidh an plean teanga sin á chur faoi bhráid na Roinne Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta faoi dheireadh mí Eanáir. Táthar ag súil go mbeidh trí phlean teanga (LPT Dhún na nGall Theas, LPT Chloich Chionnaola (Gort an Choirce, An Fál Carrach agus Machaire Rabhartaigh) agus LPT Árainn Mhór) ullamh le cur faoi bhráid na Roinne faoi dheireadh 2017.

I gcomhar le Foras na Gaeilge, réachtáladh cruinnithe eolais i Leitir Ceanainn le linn an tsamhraidh le heolas a roinnt leis an bpobal faoi ullmhú plean teanga don bhaile faoi Acht na Gaeltachta, 2012. Rinneadh fógra oifigiúil i leith an bhaile sin i mí na Samhna agus tá iarratais á lorg faoi láthair ó eagraíochtaí a bheadh sásta tabhairt faoi phlean teanga a ullmhú do Bhaile Seirbhíse Gaeltachta *Leitir Ceanainn*.

Táthar ag súil go ndéanfar fógra i dtaca le Baile Seirbhíse Gaeltachta *An Chlocháin Léith* le linn 2017.

Gaeltacht Mhaigh Eo

Cruthaíodh 31 post nua i nGaeltacht Mhaigh Eo in 2016. Bhí 640 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Mhaigh Eo ag deireadh na bliana, glanlaghdú de 25 post ar an mbliain roimhe. Cé go raibh titim 56 post i nGaeltacht Mhaigh Eo le linn na bliana, léiríonn anailís ar na figiúirí gur aistrigh suas le 30 post go suíomhanna eile taobh amuigh den Ghaeltacht de bharr cúinsí gnó a bhain le haon chomhlacht amháin.

Bunaíodh dhá chomhlacht nua i nGaeltacht Mhaigh Eo le linn na bliana le tacaíocht Údarás na Gaeltachta a bheidh ag plé le seirbhísí áitiúla agus bhí beirt fostaithe sna comhlachtaí nua seo ag deireadh na bliana. Cruthaíodh poist nua i roinnt comhlachtaí ar nós Seirbhísí Cúram Chill Chomáin Teo., Gleann na Muaidhe; Cow Comforts Ltd. agus BÁCÚS Uí Dhonnchadha Teo. i mBéal an Mhuirthead, Idoman Teo. i dTuar Mhic Éadaigh; Bioshell Teo. i bPort Durlainne; Táirgí Acla Teoranta

agus Salann Mara Acla Teo. i mBun an Churraigh. Cailleadh poist le linn na bliana sa Ghaeltacht i roinnt comhlachtaí, Crann Iorrais Teo. agus Selc Éireann Teo. ina measc.

I rith 2016 cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta tograí nua ina mbeidh 33 post ag teacht chun cinn i nGaeltacht Mhaigh Eo amach anseo, i gcomhlachtaí atá ann cheana féin agus i gcomhlachtaí nua atá á mbunú. Tá infheistíocht iomlán €2.08 milliún beartaithe sna tograí seo nuair a bheidh siad faoi lán seoil.

Ceadaiódh tacaíocht do Idoman Teo. i gCoill an tSiáin i rith 2016 chun tabhairt faoi chúrsaí taighde & forbartha ina ngnó déantúsaíochta. Táthar ag súil, trí thacaíocht den chineál seo, go spreagfar forbairt agus iomaíocht idir comhlachtaí trí chur lena gcuid gníomhaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta teicniúla agus go gcuirfear le líon na gcomhcheangal náisiúnta agus idirnáisiúnta taighde idir comhlachtaí.

Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Bhí 237 duine fostaithe ar scéimeanna fostaíochta sóisialta i nGaeltacht Mhaigh Eo ag deireadh na bliana. Tá na scéimeanna seo á mbainistiú agus á riaradh ag an Údarás agus tá siad á maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Pleanáil Teanga

Le linn 2016, bhí 2 Cheanneagraíocht ag staideanna éagsúla in ullmhú pleananna teanga dá Limistéir Pleanála Teanga (LPT) i nGaeltacht Mhaigh Eo (LPT *Dhúiche Sheoigheach agus Tuar Mhic Éadaigh agus Maigh Eo Thuaidh*). Roghnaíodh Gaeilge Iorrais atá faoi chúram Comharchumann Forbartha Ionad Deirbhile Eachléim Teo. le plean teanga a ullmhú do LPT *Mhaigh Eo Thuaidh* ag tús na bliana. Rinneadh fógra i leith LPT *Mhaigh Eo Thiar* le linn na bliana agus roghnaíodh Comhlacht Forbartha Áitiúil Acla Teo. le tabhairt faoi phlean teanga a ullmhú don LPT sin. Ciallaíonn sé sin go bhfuil tús curtha leis an bpróiseas pleanála teanga i ngach LPT i nGaeltacht Mhaigh Eo anois.

Táthar ag súil go ndéanfar fógra i dtaca le Baile Seirbhíse Gaeltachta *Bhéal an Mhuirthead* le linn 2017.

Gaeltacht na Gaillimhe

Ba i nGaeltacht Chontae na Gaillimhe a bhí an leibhéal is airde post a cruthaíodh i gcliantchomhlachtaí de chuid an Údaráis in 2016. Tá beagnach 3,000 fostaithe go lán-aimseartha anois i nGaeltacht na Gaillimhe – an figiúr is airde ón mbliain 2000.

Cruthaíodh 252 post nua i nGaeltacht na Gaillimhe in 2016. Nuair a thógtar líon na bpost a cailleadh san áireamh, bhí glanmhéadú 62 post ar an mbliain roimhe. Bhí 2,932 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht na Gaillimhe ag deireadh na bliana.

Cruthaíodh poist nua i rith na bliana, go príomha i gcomhlachtaí atá ag feidhmiú sna hearnálacha feistí leighis, saindéantúsaíochta, scannánaíochta, seirbhísí agus na mara, ina measc Mylan Teo., Proxy Biomedical, Cambus Teo., Telegael Teo., Meangadh Fíbin Teo. agus Breizon Teo. Bhí laghdú post i gcomhlachtaí atá ag feidhmiú sna tionscail seirbhísí, teilifíse agus déantúsaíochta.

Tograí Nua

Chuaigh 12 ghnó nua i mbun gnó i rith na bliana ar fud Ghaeltacht na Gaillimhe, ina measc bhí Struchtúr Fad Saoil Teo. atá lonnaithe ar an gCeathrú Rua, Scannán Beochan Teo. i mBaile na hAbhann, ProAir Teo. agus Caiseal Geal Teo. ar an gCaisleán Gearr. Bhí 70 duine fostaithe sna gnóthaí nua seo ag deireadh na bliana.

Ceadaíodh líon tograí i rith na bliana 2016 ina mbeidh os cionn 192 post á gcruthú agus infheistíocht €16.2 milliún á déanamh nuair atá na forbairtí beartaithe faoi lán seoil. Is sna réimsí táirgí leighis, bia agus déantúsaíochta atá na príomhfhorbairtí atá beartaithe.

I rith 2016 cuireadh spás oifige athchóirithe ar fáil do Chomhar Naíonraí na Gaeltachta Teo. ar an gCeathrú Rua chomh maith le spás do Naíonraí Leitir Móir, Ros Muc agus Dhúiche Sheoigheach ina gceantair féin ina raibh infheistíocht de suas le €185,000 ar áiseanna teangalárnaithe don óige i gceist. Cuireadh spás breise in Eastát Tionsclaíochta Chasla ar fáil do Mylan Teo. agus ar Eastát Bhaile an tSléibhe do Proxy Biomedical i rith 2016 mar thoradh ar infheistíochtaí ó 2015.

Chun leathnú ar bhuanú agus ar fhorbairt na fostaíochta in earnáil na dtáirgí leighis i nGaeltacht Chonamara ceadaíodh infheistíocht chaipitil €1.29m do Proxy Biomedical Teo. do spás breise ar an gCoilleach sa Spidéal agus i mí na Nollag 2016 ceadaíodh infheistíocht chaipitil €2.5m chun obair athchóirithe a dhéanamh ar mhonarcha de chuid an Údaráis ar Eastát Tionsclaíochta na Coille Rua chun spás breise a chur ar fáil don chomhlacht Mylan Teo.

Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh, Conamara tógtha (infheistíocht €4.9m)

Cúis bhróid d'Údarás na Gaeltachta an ról ceannaireachta a bhí aige i gcur chun cinn agus i bhforbairt an togra seo ón gcéad lá i gcomhar le pobal Ros Muc agus pobal Chonamara. Is ionad turasóireachta d'ardchaighdeán é Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh atá ar cheann d'ocht mórtionscadal a forbraíodh mar chuid de Chlár Comórtha Céad Bliain 1916. Tá ríméad ar an Údarás go raibh sé d'acmhainn aige ról lárnach a bheith aige sa chomóradh stairiúil sin i gcomhar leis An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, le hOifig na nOibreacha Poiblí, le Fáilte Éireann agus le Comhairle Chontae na Gaillimhe. Is seoid luachmhar é an tIonad seo a dhéanann ceiliúradh ar an nGaeilge, ar shaibhreas cultúrtha na Gaeltachta, ar oidhrecht an cheantair agus ar áilleacht thírdhreach Chonamara le breis cuairteoirí a mhealladh. Cuirfidh an tIonad agus na háiseanna a forbraíodh mar chuid de le Teach an Phiarsaigh mar shéadchomhartha náisiúnta agus beidh sé mar cheann scríbe tarraingteach le turasóirí a mhealladh chuig ceantar Ros Muc agus chuig Gaeltacht Chonamara ar feadh na mblianta fada amach romhainn. Rinneadh infheistíocht iomlán €4.9m – infheistíocht chaipitil €1m ón Údarás. D'oscail an Taoiseach Éanna Ó Cionnaith an tIonad go hoifigiúil ar lá breithe Mhic Phiarais ar 10 Samhain 2016.

Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Bhí 353 duine fostaithe ar scéimeanna fostaíochta sóisialta i nGaeltacht na Gaillimhe ag deireadh na bliana. Tá na scéimeanna seo á mbainistiú agus á riaradh ag an Údarás agus tá siad á maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Dobharshaothrú

Bunaíodh Bradán Beo Teo. sa bhliain 2012 le bonn láidir a chur faoin tionscal feirmeoireachta bradán i gCuan Chill Chiaráin agus le cur le fostaíocht an cheantair. Tá forbairt tagtha ar ghnó Bradán Beo Teo. le cúpla bliain anuas agus é seo déanta ar bhealach inmharthana agus ag cloí le dea-chleachtais comhshaoil. Tá ag éirí go maith leis an gcomhlacht agus tá a gcuid spriocanna sáraithe ag an gcomhlacht chuile bhliain ó 2013. Tá méadú de 63% tagtha ar tháirgeadh bradán orgánach i gCuan Chill Chiaráin le trí bliana anuas. Tá 23 duine fostaithe go díreach ag Bradán Beo Teo. ar a gcuid suíomhanna mara. Tá tionchar mór ag gníomhaíochtaí BBT ar an bhfostaíocht i gcomhlachtaí eile sa cheantar ar nós Cill Chiaráin Éisc Teo, ISPG agus soláthróirí seirbhíse chomh maith.

Pleanáil Teanga

Le linn 2016 bhí sé Cheanneagraíocht ag staideanna éagsúla in ullmhú plean teanga dá Limistéar Pleanála Teanga (LPT) i nGaeltacht na Gaillimhe. Rinneadh fógra i leith LPT *Mhaigh Cuilinn* le linn na bliana. Roghnaíodh Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn Teo. le tabhairt faoi phlean teanga a ullmhú do LPT

Mhaigh Cuilinn. Fágann sin go bhfuil tús curtha leis an bpróiseas pleanála teanga i seacht LPT as an deich LPT atá i nGaeltacht na Gaillimhe. Beifear ag díriú ar tús a chur leis an bpróiseas sna trí LPT eile atá fágtha agus atá lonnaithe taobh le cathair na Gaillimhe in 2017.

Leanadh ar aghaidh leis an obair atá idir lámha in ullmhú pleananna teanga sna LPT eile agus cuireadh dréacht de phlean teanga i gcás LPT *Chois Fharraige* faoi bhráid an Údaráis ag deireadh 2016. Táthar ag súil leis an bplean teanga sin a chur faoi bhráid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta go luath sa bhliain nua.

Táthar ag súil go mbeidh ceithre phlean teanga (LPT *na Ceathrún Rua*, LPT *Dhúiche Seoigheach agus Tuar Mhic Éadaigh*, LPT *Cheantar na nOileán* agus LPT *Chonamara Láir*) ullamh le cur faoi bhráid na Roinne faoi dheireadh 2017.

I gcomhar le Foras na Gaeilge reáchtáladh cruinnithe eolais i gCathair na Gaillimhe anuraidh le heolas a roinnt leis an bpobal faoi ullmhú plean teanga don chathair faoi Acht na Gaeltachta, 2012. Rinneadh fógra oifigiúil i leith Chathair na Gaillimhe ag tús na míosa seo agus tá iarratais á lorg faoi láthair ó eagraíochtaí a bheadh sásta tabhairt faoi phlean teanga a ullmhú do Bhaile Seirbhíse Gaeltachta *Chathair na Gaillimhe*.

Gaeltacht na Mí

Bhí 211 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht na Mí ag deireadh na bliana. Post amháin nua a cruthaíodh i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Chontae na Mí i rith 2016. Glanlaghdú 28 post a bhí i gceist i nGaeltacht na Mí, de bharr gur dúnadh Clearplas i mBaile Ghib go príomha.

Taobh amuigh de chliseadh ar Clearplas, bhí an fhostaíocht réasúnta seasmhach sna cliantchomhlachtaí. Is é Faughan Foods Ltd. an comhlacht is mó fostaíochta sa cheantar le beagnach 100 duine ag obair ann. Ceadaíodh togra nua i rith na bliana ina gcruthófar os cionn trí phost nua agus ina ndéanfar infheistíocht €141,000 nuair a bheidh na forbairtí atá beartaithe acu curtha i gcrích.

Pleanáil Teanga

Chuaigh Comharchumann Ráth Chairn Teo. i mbun oibre ar réiteach plean teanga do Limistéar Pleanála Teanga (LPT) *Ráth Chairn agus Baile Ghib* i mí Márta na bliana anuraidh. Táthar ag súil go

mbeidh an plean teanga ullamh le cur faoi bhráid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta sa chéad ráithe de 2018.

Gaeltacht Chiarraí

Cruthaíodh 65 post nua i nGaeltacht Chiarraí in 2016. Cruthaíodh na poist nua seo i gcomhlachtaí atá ag feidhmiú sna hearnálacha bia agus dí, seirbhísí agus ceardaíochta den chuid is mó. Dhún riar comhlachtaí beaga le linn na bliana agus le cailteanais éagsúla eile ar scála níos lú i réimse na déantúsaíochta, glanmhéadú sé phost san iomlán a bhí i gceist in 2016. Bhí 671 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Chiarraí ag deireadh na bliana.

Is ábhar dóchais é gur ceadaíodh líon tograí i rith na bliana ina mbeidh 50 post nua á gcruthú agus infheistíocht iomlán €2.4 milliún á déanamh iontu nuair atá na forbairtí beartaithe faoi lán seoil. Is in earnálacha na déantúsaíochta, bia & dí agus ceardaíochta is mó a bheidh na tograí bunaithe.

Tograí Straitéiseacha

Bhí ról lárnach ag an Údarás i bpróiseas pleanála agus comhairleoireachta pleananna éagsúla forbartha i gContae Chiarraí i rith 2016 ag áireamh Straitéis Turasóireachta & Plean Gníomhaíochta Chontae Chiarraí 2016–2022. Rinne an tÚdarás maoiniú ar Phlean Forbartha an Leith Triúigh 2016–2020: *‘Mount Brandon Base Camp’* agus tá sé aitheanta mar cheanneagraíocht forbartha le haghaidh míreanna áirithe sa phlean. Tá Plean Forbartha Cósta na Sceilge 2016–2020 aontaithe idir na heagraíochtaí Stáit agus réidh le cur i bhfeidhm.

Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Bhí 90 duine fostaithe ar scéimeanna fostaíochta sóisialta i nGaeltacht Chiarraí ag deireadh na bliana. Tá na scéimeanna seo á mbainistiú agus á riaradh ag an Údarás agus tá siad á maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Pleanáil Teanga

Is é Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne Teo. an Cheanneagraíocht atá ag réiteach plean teanga do LPT *Chiarraí Thiar* agus is Comhchoiste Ghaeltachtaí Chiarraí Theas Teo. an Cheanneagraíocht atá ag ullmhú plean do LPT *Chiarraí Theas*. Cuireadh síneadh ama le tréimhse ullmhúcháin na bpleananna teanga sin in 2016 agus táthar ag súil go mbeidh siad ullamh le cur faoi

bhráid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta faoi lár na bliana seo.

Rinneadh an chéad fhógra oifigiúil faoi ullmhú plean teanga do Bhaile Seirbhíse Gaeltachta (BSG) i mí Dheireadh Fómhair faoi Acht na Gaeltachta, 2012, ba shin BSG *Dhaingean Uí Chúis*. Roghnaíodh An Lab Teo. le tabhairt faoi phlean teanga a ullmhú do BSG *Dhaingean Uí Chúis* agus beidh suas le dhá bhliain ag an eagraíocht leis an bplan sin a ullmhú i gcomhar leis an bpobal.

Gaeltacht Chorcaí

Cruthaíodh 73 post nua i nGaeltacht Chorcaí in 2016 agus de bharr sheasmhacht na bpost ansin ba é seo an ceantar Gaeltachta inar bhfacthas na cailliúintí post ba lú i mbliana. Nuair a thógtar an líon post a cailleadh san áireamh, bhí glanmhéadú 61 post san iomlán ann. Bhí 675 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Chorcaí ag deireadh na bliana – an leibhéal is airde fostaíochta ó 2008.

Tháinig méadú ar an bhfostaíocht ar fud Ghaeltacht Mhúscaí agus i gcomhlachtaí sna hearnálacha bia agus saindeántúsaíochta. Bhí fás ar an bhfostaíocht i mBaile Bhuirne, i gCill na Martra, i mBéal Átha an Ghaorthaidh agus i mBaile Mhic Íre. In 2016, lean an comhlacht Folláin Teo leis an méadú suntasach fostaíochta atá ar siúl aige le blianta beaga anuas.

Comhlacht eile inar mhéadaigh an fostaíocht ná Táirgí Cáise Buabhall Mhaigh Chromtha i gCill na Martra agus bhí rath mór ar a n-iarrachtaí le tacaíocht an Údaráis chomh maith nuair a d'éirigh leo Gradam Óir Cáise Domhanda a bhaint amach i mí na Samhna 2016.

Go deimhin tá rath ar chúrsaí bia agus dí i nGaeltacht Mhúscaí agus i nGaeltachtaí an deiscirt ar fad agus 16 cinn de Ghradaim Bhlas na hÉireann buaite ag cliantchomhlachtaí an Údaráis in 2016. Cúis bhróid don Údarás a bheith in ann tacaíocht a chur ar fáil do chomhlachtaí i gceantair tuaithe atá in ann táirgí atá ar chaighdeán domhanda a chur ar fáil.

Tograí Nua

Chuaigh dhá ghnó nua i mbun gnó sa cheantar i rith na bliana agus bhí 15 fostaithe sna comhlachtaí seo ag deireadh na bliana. Tá an comhlacht ionaid glaonna *Smart Traveller Concierge* atá lonnaithe i mBéal Átha an Ghaorthaidh ar cheann acu agus a ghnó ag dul ó neart go neart.

Ceadaíodh líon tograí i rith na bliana 2016 ina mbeidh 55 post á gcruthú agus infheistíocht €6.2 milliún á déanamh nuair atá na forbairtí beartaithe faoi lán seoil. Is sna hearnálacha bia, déantúsaíochta agus seirbhísí atá na príomhfhorbairtí atá beartaithe.

Ceadaíodh tacaíocht do Folláin Teo. i rith 2016 chun tabhairt faoi thaighde & forbairt ar a réimse táirgí agus ar dhéantúsaíocht ina ngnó chomh maith.

Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Bhí 22 duine fostaithe ar scéimeanna sóisialta tuaithe i nGaeltacht Mhúscraí ag deireadh na bliana. Tá na scéimeanna seo á mbainistiú agus á riaradh ag an Údarás agus tá siad á maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Pleanáil Teanga

Is é Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teo. atá i mbun ullmhúcháin ar phlean teanga do Limistéar Pleanála Teanga (LPT) *Mhúscraí* agus táthar ag súil go mbeidh an plan ullamh le cur faoi bhráid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta faoi lár na bliana seo.

Rinneadh fógra i leith LPT *Chléire* le linn na bliana. Roghnaíodh Comharchumann Chléire Teo. le tabhairt faoi phlean teanga a ullmhú don LPT sin. Fágann sin go bhfuil tús curtha leis an bpróiseas pleanála teanga i ngach LPT atá i nGaeltacht Chorcaí.

Gaeltacht Phort Láirge

Cruthaíodh dhá phost nua i nGaeltacht Phort Láirge le linn na bliana, ach nuair a thógtar líon na bpost a cailleadh san áireamh bhí glanlaghdú 19 bpost i gceist. Bhí 129 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Phort Láirge ag deireadh na bliana. Is i réimsí na scannánaíochta agus na mara is mó a bhí na laghduithe post.

Tá fás thar na bearta déanta ag Nemeton Teo. ó thaobh fostaíochta, próifíle agus clú de ó bunaíodh an comhlacht in 1993 agus níorbh aon difríocht an dul chun cinn a rinne siad in 2016 ach oiread. D'éirigh leis an gcomhlacht léirithe teilifíse dhá ghradam mhóra náisiúnta a chrochadh leo i mbliana – ceann amháin ag Gradaim na hEarnála Spóirt agus an ceann eile ag Gradaim Margaíochta Uile-Éireann den dara huair do 'Ghnó as Gaeilge'. Léiriú é seo ar stádas an chomhlachta agus ar fheabhas

an táirge spóirt a chuireann siad ar fáil do chraoltóirí in Éirinn agus i Sasana. Chraol Nemeton os cionn 400 uair an chloig de spóirt beo i rith 2016 agus tá an comhlacht ag cabhrú leis an gcéad ghlúin eile de lucht teilifíse a chur faoi oiliúint leis an Ard-Diplóma i Léiriú Teilifíse atá á reáchtáil sa Rinn ag Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge i gcomhar le Nemeton Teo. agus Údarás na Gaeltachta.

Pleanáil Teanga

Is é Comhlucht Forbartha na nDéise Teo. an Cheanneagraíocht atá ag réiteach plean teanga do LPT *Na Déise*. Cuireadh síneadh ama le tréimhse ullmhúcháin an phlean le linn na bliana agus táthar ag súil le plean teanga don LPT a chur faoi bhráid an Aire le faomhadh i lár na bliana seo.

Críoch

Eolas breise: Páid Ó Neachtain, Feidhmeannach Caidrimh Phoiblí
Údarás na Gaeltachta – 091 503111 / 087 3012510 / pon@udaras.ie